An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge

## Miontuairiscí - Cruinniú 8 – 30 Meitheamh 2023

**LÁTHAIR:** Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

**DÁTA:** Dé hAoine, an 30 Meitheamh 2023

**AM:** 10:00 – 12:45

**I LÁTHAIR:**

| Ainm | Eagraíocht | Ról | Modh |
|---|---|---|---|
| An Dr. Aodhán Mac Cormaic | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán | Cathaoirleach | Ar an Láthair |
| Sinéad Coleman | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | Comhalta | Ar an Láthair |
| John Howlin | An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe | Comhalta | Ar an Láthair |
| An Ceannfort Seán Glynn | An Garda Síochána | Comhalta | Ar an Láthair |
| Mags Campbell | An Roinn Oideachais | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| Seosamh Ó Coinne (thar ceann Breandán Mac Craith) | Foras na Gaeilge | Comhalta | Ar an Láthair |
| John Prendergast | Pobail Ghaeltachta | Comhalta | Ar an Láthair |
| Mairéad Ní Ghabháin | Pobail Teanga lasmuigh den Ghaeltacht | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| Eithne Fox | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | Comhalta | Ar an Láthair |
| Orlaith Mannion (thar ceann Niamh Kenny) | An Roinn Coimirce Sóisialaí | Comhalta | Ar an Láthair |
| An tOllamh Breandán Mac Suibhne | Ollscoil na Gaillimhe | Stiúrthóir Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (Mír 5.1 amháin) | Ar an Láthair (Mír 5.1 amháin) |
| An Dr. Kerron Ó Luain | Ollscoil na Gaillimhe | Comhalta Taighde Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (Mír 5.1 amháin) | Ar an Láthair (Mír 5.1 amháin) |
| Emily Maloney | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Rúnaí | Ar Chiancheangal |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Síora Kent | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | (Mír 5.1 amháin) | Ar Chiancheangal (Mír 5.1 amháin) |
| Rónán Ó Ceallaigh | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | (Mír 5.1 amháin) | Ar Chiancheangal (Mír 5.1 amháin) |
| Sadhbh Ó Cinnseala | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Príomhoifigeach Gníomhach an Aonaid | Ar an Láthair |

IN EASNAMH LE LEITHSCÉAL:

- Ní raibh Jim Molloy, ionadaí an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, ábalta a bheith ag an gcruinniú.

PRÍOMHCINNTÍ TÓGTHA:

- Aontaíodh miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin, an 28 Aibreán 2023;
- Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile den Choiste ar siúl Dé hAoine, an 8 Meán Fómhair 2023, i bhfoirgneamh Fhoras na Gaeilge 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1;
- Aontaíodh go ndéanfadh an Roinn teimpléad a dhearadh agus a scaipeadh le comhlánú ag comhaltaí an Choiste i ndáil le halt 9A den Acht;
- Aontaíodh go ndéanfaí cóip de thuarascáil iomlán B&A a dháileadh ar chomhaltaí an Choiste;
- Aontaíodh go dtabharfaí cuireadh do Chumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge ("COFG") freastal ar an gcéad chruinniú eile den Choiste.

PLÉ AR AN gCLÁR INA IOMLÁINE:

1. **Fáilte ón gCathaoirleach**:
   - Cuireadh tús leis an gcruinniú le hoscailt ó Chathaoirleach an Choiste, an Dr. Aodhán Mac Cormaic;
   - Cuireadh fáilte faoi leith roimh Sheosamh Ó Coinne agus Orlaith Mannion, a bhí ag seasamh isteach do Bhreandán Mac Craith agus Niamh Kenny faoi seach ag an gcruinniú;
   - Luadh freisin nach mbeadh Aire Stáit na Gaeltachta in ann freastal ar an gcruinniú de bharr chúinsí nach raibh aon smacht aige orthu.

2. **Miontuairiscí an Chruinnithe roimhe sin:**
   - Aontaíodh miontuairiscí chruinniú an Choiste roimhe sin a tionóladh ar Aoine, an 28 Aibreán 2023.

3. **Nithe atá tagtha chun cinn:**

**3.1. Alt 9A den Acht leasaithe**

- Luaigh an Roinn:
  - go dtiocfaidh ailt 9A-9E den Acht arna leasú i bhfeidhm ar an 31 Deireadh Fómhair 2023, lena gcuirfear dualgais bhreise ar chomhlachtaí poiblí i ndáil le húsáid agus taifead ainmneacha, seoltaí agus teidil i nGaeilge, foirmeacha oifigiúla, lógónna, ainmneacha agus lógónna comhlachtaí reachtúla nuabhunaithe, agus seirbhísí pobal-inrochtana;
  - chuige sin, go mbeifí ag cur teimpléad i dtoll a chéile chun tuiscint a fháil ar na córais faisnéise agus cumarsáide a úsáideann comhlachtaí poiblí i láthair na huaire, maidir le cur i bhfeidhm alt 9A. (3) den Acht;
  - go n-iarrfar ar na comhaltaí dul i gcomhairle lena gcomhghleacaithe chun na córais sin a aithint, agus an teimpléad a chomhlánú dá réir;
  - go n-aithneofaí na constaicí aonaracha a bheidh ann tríd an modh seo.
- Aontaíodh go ndéanfadh an Roinn teimpléad a dhearadh agus a scaipeadh le comhlánú ag comhaltaí an Choiste.

### 3.2. Torthaí an tSuirbhé – Feachtas Feasachta

- Chuaigh an Roinn trí thorthaí an tsuirbhé a choimisiúnaigh sí ar dhearcadh daoine óga i leith gairmeacha le Gaeilge agus san earnáil phoiblí;
- Aontaíodh go ndéanfaí cóip den tuarascáil iomlán a dháileadh ar chomhaltaí an Choiste, tar éis an chruinnithe.

### 3.3. Róil Cumarsáide le Gaeilge

- Luaigh an Roinn go rabhthas ag breathnú ar scéim intéirneachta cumarsáide trí Ghaeilge a bhunú, agus go raibh dréacht-chás gnó ullmhaithe ag an aonad ábhartha in a leith, ach nuair a chuathas i gcomhairle le roinnt grúpaí éagsúla, go raibh sé le léiriú go raibh ceist nó dhó faoin togra;
- De dheasca sin, gur pléadh an coincheap maidir le comórtas ar leith a reáchtáil do róil chumarsáide le Gaeilge ag leibhéal Ardoifigigh Fheidhmiúcháin leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le déanaí;
- Go mbeifí ag breathnú ar chomórtas a reáchtáil san fhómhar - comhthreomhar le seoladh an fheachtais feasachta más féidir;
- Luadh gur fiú go mór an coincheap maidir le hintéirneachtaí struchtúrtha agus socrúcháin oibre a chruthú do mhic léinn tríú leibhéal, agus go mbeifí á thaiscéaladh seo tuilleadh chomh maith.

### 3.4. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte - Cur i bhFeidhm an Achta

- Dúradh go ndearna FSS cur i láthair don Roinn le déanaí maidir leis na bearta atá ar bun san eagraíocht sin chun críche chur i bhfeidhm an Achta, agus gur léir go raibh an-obair ar siúl san eagraíocht, go háirithe fad is a bhaineann sé le hábhar dátheangach a chur ar fáil agus fógraí a fhoilsiú i nGaeilge.

### 3.5. Seimineáir Faisnéise

- Dúradh gur reáchtáil an Roinn, i gcomhar le hOifig an Choimisinéara Teanga, seimineáir faisnéise ar an 28 Meitheamh 2023, le meabhrú a thabhairt ar na dualgais bhreise a eascraíonn agus a bheidh ag eascairt as feidhmiú an Achta;
- Gur díríodh ar na forálacha atá tagtha i bhfeidhm ó achtaíodh an tAcht, mar aon leis na forálacha a thiocfaidh i bhfeidhm ar an 31 Deireadh Fómhair 2023;
- Gur fhreastail os cionn 600 fostaithe den Stát ar na seimineáir faisnéise seo.

### 3.6. Líonra Gaeilge

- Go raibh cruinniú ag an Roinn le heagraíocht ar leith maidir le líonra Gaeilge a bhunú, ar mhaithe le deiseanna labhartha a sholáthar dóibh siúd laistigh den chóras;
- Gur cuireadh cás gnó ina leith faoi bhráid na Roinne agus go bhfuiltear á mheas faoi láthair.

### 3.7. Ócáid Higher Options

- Go raibh cruinniú ag an aonad leis an Irish Times faoina ócáid Higher Options, a bheidh á reáchtáil san RDS ar an 20, 21 agus 22 Meán Fómhair 2023;
- Gur labhraíodh faoi "mhion-Ghaeltacht" a chur ar bun ag an aonach i mbliana, a bheadh tiomnaithe do ghairmeacha le Gaeilge agus cúrsaí tríú leibhéal trí Ghaeilge;
- Go dtabharfadh sé spás do scoláirí an Ghaeilge a labhairt, bia a ordú i nGaeilge agus sóisialú a dhéanamh le scoláirí eile trí mheán na Gaeilge.

## 4. Forbairt an Phlean Náisiúnta:

### 4.1. Cur i Láthair Ollscoil na Gaillimhe - Clár Oibre don Taighde

- Chuir Breandán Mac Suibhne an Dr. Kerron Ó Luain, an Comhalta Taighde atá fostaithe ag an Ollscoil le bheith i gceannas ar thaighde an Phlean Náisiúnta, in aithne don Choiste. Luaigh sé freisin na deacrachtaí a bhaineann le pearsanra atá cáilithe go cuí a earcú chun tabhairt faoi thaighde den sórt sin;
- Chuir an Dr. Ó Luain plean oibre don taighde faoi bhráid an Choiste, agus cuireadh an-fháilte roimh an bplean oibre céanna.

## 5. Tráchtaireacht faoin gCoiste sna Meáin:

- Dúradh go raibh ailt éagsúla ábhartha sna meáin ón gcruinniú deireanach, mar seo a leanas:
    - Alt dar dáta an 27 Aibreán 2023 ar Irish Times, maidir le páistí scoile ó chúig Ghaelscoil i gceantar Bhaile Átha Cliath ag éileamh go mbunófaí meánscoil nó Gaelcholáiste lán-Ghaeilge chun freastal ar a n-aistriú ón mbunoideachas i gceantair Bhaile Átha Cliath 2, 4, 6 agus 8;
    - Alt dar dáta an 9 Bealtaine 2023 ar Tuairisc.ie maidir le straitéis nua an Rialtais i dtaca le seirbhísí poiblí a fheabhsú a bhí foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, nár luadh an Ghaeilge ann;

- Mír ar Liveline ar an 29 Bealtaine 2023, maidir le líon na bhfógraí Rialtais i nGaeilge amháin ar an radio agus ar an teilifís, agus an sprioc earcaíochta 20%;
- Alt dar dáta an 5 Meitheamh 2023 ar Irish Times ag déanamh poiblíochta don ócáid Higher Options dá dtagraítear faoi mhír a 3.7;
- Alt dar dáta an 14 Meitheamh 2023 ar Tuairisc.ie maidir le tuilleadh cúrsaí Gaeilge á bplé le hinstitiúidí oideachais;
- Alt dar dáta an 20 Meitheamh 2023 ar Tuairisc.ie maidir leis an gá instituúid taighde don Ghaeilge a bhunú le dul i ngleic le laghdú ar líon na gcainteoirí;
- Alt dar dáta an 29 Meitheamh 2023 ar Tuairisc.ie maidir leis an bhfeachtas feasachta mór náisiúnta atá beartaithe a reáchtáil ón bhfómhar seo ar aghaidh chun an pobal a chur ar an eolas maidir leis na dualgais agus na deiseanna atá ann don Ghaeilge faoin Acht.

6. **Dáta don Chéad Chruinniú Eile**:

- Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile den Choiste ar siúl Dé hAoine, an 8 Meán Fómhair 2023, i bhfoirgneamh Fhoras na Gaeilge 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

7. **Aon Ghnó Eile**:

- Luadh go gcaithfear dáta a shocrú le Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge ar mhaithe lena gcuid moltaí/tuairimí a chur i láthair an Choiste;
- Aontaíodh go dtabharfaí cuireadh do Chumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge freastal ar an gcéad chruinniú eile, ar an 8 Meán Fómhair 2023.



**Rúnaí**

29 Meán Fómhair 2023

**Dáta Faofa**